

# Eleathanach228

Dé Luain 7 Márta 2016

## Adele ar an Ardán i mBÁC

An deireadh seachtaine seo caite bhí an t-amhránaí cáiliúil Adele ag canadh sa 3 Arena i mBaile Átha Cliath. Chan sí na hamhráin *Someone Like You*, *Set Fire To The Rain*, agus *Skyfall*.

Bhí an lucht éisteachta go léir an-sásta leis an gceolchoirm. Bhí a lán daoine ag caoineadh le háthas freisin!

Cúpla lá roimhe sin i mBéal Feirste thug sí cuairt ar chailín óg. Tá Rebecca Gibney dhá bhliain déag d'aois. Tá sí go dona tinn sa bhaile. Tháinig Adele chuig a teach agus bhí áthas an domhain ar an gcailín óg.

Is Sasanach í Adele; Adele Laurie Blue Adkins an t-ainm iomlán atá uirthi. Is máthair í; tá páiste amháin ag Adele.



Seo í Adele sa 3 Arená!  
D'ól sí cupán tae nuair a bhí sí ag canadh!



McGregor sa Chró  
Troda le brat na  
hÉireann

## Chaill Conor an troid

Maidin Dé Domhnaigh bhí an trodaí proifisiúnta Éireannach Conor McGregor sa chró troda arís. Bhí an troid ar siúl in Las Vegas i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Bhí Conor ag troid i gcoinne Nate Diaz. Is Meiriceánach é Diaz. Chuir Diaz an-iontas ar a lán daoine mar gur bhuaigh sé an troid sa dara babhta.

Tá Conor McGregor seacht mbliana is fiche d'aois. Is as Baile Átha Cliath é. *The Notorious* an leasainm atá air.

## Lá na Máithreacha

Gach bliain bíonn lá speisialta ag na máithreacha in Éirinn agus sa Bhreatain. I dtíortha eile bíonn Lá na Máithreacha acu ag amanna eile den bhliain. Titeann lá na máithreacha ar an Domhnach i gcónaí. Tugann daoine cártaí dá máithreacha agus do mhná tábhachtacha eile ina dteaghlaigh. Is lá deas é chun buíochas a ghabháil leis na mná speisialta seo.

Agus titeann Lá na nAithreacha ar an tríú Domhnach de mhí an Mheithimh sa chuid seo den domhan. Tá súil againn go raibh sos deas ag gach máthair inné.

